# Scoláireacht Taighde

***Is fostóir comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann***

## Eolas d'Iarratasóirí

1. Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le Coiste Eolaíochtaí Stairiúla na hÉireann, ag tairiscint Scoláireacht Bhliana Taighde do mhic léinn iarchéime (dara bliain ar a laghad) nó do mhic léinn iardhochtúireachta atá ag gabháil do Stair na hÉireann.

2. Oibreoidh an mac léinn i Rannóg na Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta) sa Leabharlann Náisiúnta (féach Aguisín 1).

3. Riachtanais

Beidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann
- Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil le haird láidir ar mhionsonraí
- Cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin
- Scileanna TF den scoth

4. Tá an Scoláireacht ceaptha le cumasú do mhac léin dianstaidéar a dhéanamh ar bhailiúchán/bhailiúcháin roghnaithe lámhscríbhinní a d'fhéadfadh sé/sí a úsáid mar phríomhfhoinse i gclár taighde iarchéime nó iardhochtúireachta (féach Aguisín 1). Tar éis don mhac léinn an Scoláireacht a chur i gcrích, táthar ag súil go dtosóidh sé/sí ar a c(h)lár taighde arís agus go bhféadfaidh sé/sí leanúint de leas a bhaint as a bhfuil sa bhailiúchán ó thaobh staire de.

5. Mairfidh an Scoláireacht tréimhse 12 mhí.

6. Tairgfidh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann conradh fostaíochta don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi.

7. Déanfar an ráta reatha pá bliantúil le haghaidh na Scoláireachta a ailíniú leis an gcéad phointe ar scála pá an Oifigigh Cléireachais (PPC), €29,006 in aghaidh na bliana faoi láthair, agus fabhrófar saoire bhliantúil 22 lá.

8. Féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deireadh a chur leis an Scoláireacht ag am ar bith i gcás go mbeidh an mac léinn i mbun mí-iompair nó go mbeidh ag teip air/uirthi go leanúnach ar chúis ar bith na dualgais arna leagan air/uirthi a chomhlíonadh go sásúil.

9. Ba chóir d'iarratasóirí Curriculum Vitae agus litir chumhdaigh a sheoladh. **Ní mór iad seo a chur isteach mar dhoiciméad PDF amháin.** Ba cheart go léireodh an litir chumhdaigh a spéis i ngairm mar chartlannaí agus sa Scoláireacht Chartlainne ag an NLI, agus ba cheart dóibh a dtaithí cartlainne a leagan amach.

   **Tabhair do d'aire:** Níor chóir go mbeadh an Curriculum Vitae níos faide ná 2 leathanach. Níor chóir go mbeadh an litir chumhdaigh níos faide ná 1 leathanach. Ba chóir ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí a chur leis an iarratas.

10. Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais tríd an ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna NLI ag careers@nli.ie.

11. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh **3:00 p.m.** ar an **26 Meitheamh 2024. Ní ghlacfar** le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta sin. Beidh sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an fhoirm iarratais chomhlánaithe in am.

12. Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn an eolais atá ina bhfoirmeacha iarratais.

13. Beidh na hagallaimh ar siúl idir thús agus lár Mhí Iúil**.** Is iad na hiarrthóirí a bheidh freagrach as bheith ar fáil le dul faoi agallamh ar an dáta a shannfar dóibh.

14. Beidh ar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo san agallamh dul faoi sheiceálacha sula bhfostófar iad, lena n-áirítear soláthar teistiméireachtaí agus dearbhú sláinte agus carachtar.

15. Coinníonn an Leabharlann an ceart aici féin na fiosruithe uile a mheasann sí a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarratasóir sula dtairgfear Scoláireacht dó nó di.

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,*
*Bealtaine 2024*

**Aguisín 1**
**CLÁR SCOLÁIREACHTAÍ LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN – TAIGHDE**

**Teideal an Phoist:** **Scoláireacht Taighde**
**Conradh Sealadach ar Théarma Seasta (12 Mhí)**

**An Rannóg den Leabharlann:** **Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta)**

**Clár Scoláireachtaí:** Tá an post á thairiscint faoi chlár scoláireachtaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do chéimithe ar mian leo taithí a fháil ar bheith ag obair i leabharlann, mar aon le tuiscint a fháil ar cheann de bhailiúcháin uathúla chartlainne na Leabharlainne. Oibreoidh an mac léinn i Rannóg na Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta) i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**Príomhdhualgais:**
I measc na ndualgas a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Catalógú a dhéanamh ar bhailiúcháin roghnaithe lámhscríbhinní agus ar bhailiúcháin eile dá leithéid a chomhaontófar;
- Catalógú a dhéanamh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta MARC 21 agus ISAD(G);
- Tuiscint phraiticiúil a fhorbairt ar phríomhghnéithe den bhainistiú bailiúchán, lena n-áirítear an caomhnú agus an digitiú;
- Oibriú leis an bhfoireann Seirbhísí chun sainseirbhísí taighde a sholáthar ar bhonn uainchláir;
- Láithreoireachtaí agus léachtaí a thabhairt do ghrúpaí mac léinn agus scoláirí ar cuairt;
- Cur le blag maidir le post na Scoláireachta Taighde ar láithreán gréasáin Choiste Eolaíochtaí Stairiúla na hÉireann;
- Dualgais eile de réir mar is iomchuí.

**Riachtanais**
Beidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann;
- Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil agus an-chúram a dhéanamh de mhionsonraí;
- Cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin;
- Scileanna TF den scoth.

**Foghlaim:**
Ó bheith páirteach sa chlár scoláireachtaí:

- beidh deis ag an mac léinn eolas a chur ar na bailiúcháin fhairsinge lámhscríbhinní atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, rudaí a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leo;
- cuirfidh sé/sí eolas praiticiúil ar an gcartlannú agus ar an gcatalógú;
- forbróidh tuiscint leathan ar thimpeallacht shuntasach Leabharlainne/faisnéise;
- Forbróidh scileanna den scoth um sheirbhís do chustaiméirí.

**Na Bailiúcháin Lámhscríbhinní atá Roghnaithe le haghaidh Scoláireacht Chartlainne na Leabharlainne Náisiúnta i Stair na hÉireann, 2024-2025**

## Stair Pholaitiúil

- **Cartlann Andrew Boyd**

Páipéir Andrew Boyd (1921-2011), iriseoir agus staraí, a bhaineann go príomha le Tuaisceart Éireann san 20ú haois, lena n-áirítear nótaí, ailt, comhfhreagras agus páipéir eile. I 54 bosca.

- **Páipéir Agnes O'Farrelly/Úna Ní Fhaircheallaigh**

Páipéir a bhaineann leis an mbaint a bhí ag Úna Ní Fhaircheallaigh le Conradh na Gaeilge agus leis an gCumann Camógaíochta, lena n-áirítear leabhair nótaí, leabhair mhiontuairiscí, lámhscríbhinní, clóscríbhinní, comhfhreagras agus bileoga. Bhí Ní Fhaircheallaigh ar dhuine de na mná ba mhó le rá i dtús Chonradh na Gaeilge agus ina dhiaidh sin bhí sí mar chomharba ar Dhubhghlas De Híde nuair ceapadh í mar Ollamh le Nuafhilíocht na Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. I 4 bosca.

## Stair Eacnamaíoch

- **Páipéir Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath**

Bailiúchán páipéar a bhaineann le hoibríochtaí Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear leabhair miontuairiscí, leabhair litreacha, cuntais, tuarascálacha agus páipéir eile de chuid an Chomhlachais, 1783-1940. I 28 bosca.

## Páipéir na Scríbhneoirí Éireannacha

- **Páipéir Edna O'Brien, 1990-2021**

Páipéir liteartha agus phearsanta Edna O'Brien lena n-áirítear leabhair nótaí, dréachtaí d'úrscéalta agus gearrscéalta, comhfhreagras agus grianghraif, 1990-2021. I 71 bosca (liosta bosca ar fáil).

- **Páipéir Bernard MacLavery**

Dréachtaí d'úrscéalta Bernard MacLaverty, scripteanna do scannáin, leabhair do pháistí agus comhfhreagras gaolmhar. I 29 bosca (liosta bosca ar fáil).

## Páipéir na nEalaíontóirí Éireannacha

- **Páipéir Norah McGuinness**

Páipéir Norah McGuinness (ealaíontóir) lena n-áirítear comhfhreagras, dialanna, agus cáipéisí pearsanta. I 5 bosca.

## Páipéir Eastáit

- **Páipéir Riall**

Páipéir eastáit Riall, Hodson, Plunkett, Putland, Perry, Putland, Perry, mar aon le teaghlaigh agus tailte gaolmhara, i gcontaetha Chill Mhantáin, Bhaile Átha Cliath, Loch Garman, Thiobraid Árann, Chill Chainnigh agus an Longfoirt. An 18ú agus an 19ú haois den chuid is mó. I 21 bosca

- **Páipéir Uí Cheallacháin-Westropp**

Páipéir mhuintir Uí Cheallacháin (O'Callaghan-Westropp níos déanaí), Muileann Uí Cheallacháin, Co. an Chláir. I 13 bosca.

- **Páipéir Chathair na Mart (Ábhar Breise)**

Páipéir a bhaineann le heastát Chathair na Mart de chuid mhuintir Browne, Iarlaí Altamont agus Marcas Shligigh. Ábar ón 20ú haois den chuid is mó le roinnt ábhar ón 18ú agus 19ú haois. I 63 bosca (liosta bosca ar fáil).